Uimhir 12 *de* 2010

AN tACHT IOMAÍOCHTA (LEASÚ) 2010

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Míniú.
2. Leasú ar alt 35 den Phríomh-Acht.
3. Gearrtheideal agus comhlua.

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Iomaíochta 2002	2002, Uimh. 14
Na hAchtanna Iomaíochta 2002 agus 2006	

Uimhir 12 *de* 2010

AN tACHT IOMAÍOCHTA (LEASÚ) 2010

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AN ACHTA IOMAÍOCHTA 2002; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE A BHAINEANN LEIS AN MÉID SIN.

[19 *Meitheamh*, 2010]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Míniú.

1.—San Acht seo, ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht Iomaíochta 2002.

Leasú ar alt 35 den Phríomh-Acht.

2.—Leasaítear alt 35 den Phríomh-Acht—

(*a*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) (*a*) Más rud é go bhfaighidh comhalta den Údarás bás, go scoirfidh sé nó sí, go n-éireoidh sé nó sí as, go scoirfidh sé nó sí de bheith cáilithe le haghaidh oifige agus go scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú, go gcuirfear as oifig é nó í nó go scoirfidh sé nó sí ar shlí eile de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás, féadfaidh an tAire, faoi réir fho-ailt (4) agus (5) (a cuireadh isteach le *halt 2* den *Acht Iomaíochta (Leasú) 2010*), duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás chun an folúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh.

(*b*) Ní oibreoidh mír (*a*) chun cosc a chur ar cheapachán duine chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás faoi fho-alt (1)(*a*) chun folúntas a líonadh a tharlóidh mar gheall ar aon cheann de na himthosca dá dtagraítear sa mhír sin (*a*).",

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

"(4) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (3)—

(*a*) maidir le ceapachán duine faoi mhír (*b*) nó (*c*) d'fho-alt (1) nó maidir le hathcheapachán duine faoin bhfo-alt sin mar chomhalta den

Údarás (lena n-áirítear duine a bhí ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás díreach roimh an *Acht Iomaíochta (Leasú) 2010* a rith), ná

(*b*) maidir le ceapachán duine mar chomhalta den Údarás faoi fho-alt (2A) (a cuireadh isteach le *mír (a) d'alt 2* den *Acht Iomaíochta (Leasú) 2010*).",

(*c*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) Ní dhéanfar ceapachán faoi mhír (*b*) nó (*c*) d'fho-alt (1) ná faoi fho-alt (2A) murab é tuairim an Aire go bhfuil ag an duine a bheartaíonn an tAire a cheapadh saineolas nó taithí leordhóthanach ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas eadhon an dlí, an eacnamaíocht, an riarachán poiblí, gnóthaí tomhaltóra nó gnó i gcoitinne.",

(*d*) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

"(6A) D'ainneoin fho-alt (6), déanfaidh duine a cheapfar chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás faoi fho-alt 2A, faoi réir fho-alt (6B) (a cuireadh isteach le *mír (d) d'alt 2* den *Acht Iomaíochta (Leasú) 2010*), oifig a shealbhú ar feadh cibé tréimhse nach faide ná 6 mhí a chinnfidh an tAire agus dar tosach dáta a cheapacháin nó a ceapacháin.

(6B) Féadfaidh an tAire tréimhse cheapacháin faoi fho-alt (6A) a fhadú—

(*a*) go ceann cibé tréimhse nach faide nó 6 mhí a chinnfidh sé nó sí, nó

(*b*) go ceann cibé tréimhsí, nach faide ná 6 mhí a gcomhiomlán, a chinnfidh sé nó sí.",

agus

(*e*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

"(7A) Maidir le duine a cheapfar chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás faoi fho-alt (2A), beidh sé nó sí, faoi réir alt 36, cáilithe chun a cheaptha nó chun a ceaptha mar chomhalta den Údarás faoi fho-alt (1)—

(*a*) ar dhul in éag don tréimhse dá dtagraítear i bhfo-alt (6A), nó

(*b*) ar dhul in éag don tréimhse sin arna fadú faoi fho-alt (6B),

de réir mar is cuí, mura rud é gur cuireadh as oifig é nó í de bhun fho-alt (12).".

Gearrtheideal agus comhlua.

3.—(1) Féadfar an tAcht Iomaíochta (Leasú) 2010 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Iomaíochta 2002 go 2010 a ghairm de na hAchtanna Iomaíochta 2002 agus 2006 agus den Acht seo le chéile.